Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Eanáir 2025
(OR. en)

5592/25
PV CONS 1
ECOFIN 78

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

21 Eanáir 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5177/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** 5170/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 5171/25

**Sláinte**

**1. Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte** ❶C 5142/25
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* + COR 1(es)
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15.01.2025 + ADD 1 REV 1
PE-CONS 76/24
SAN

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 16 agus 114 CFAE), agus an Danmhairg agus an Fhionlainn ag vótáil ina choinne. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Aon ghnó eile** 5004/25
**Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil faoin obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Clár oibre na hUachtaránachta**<br>*Cur i láthair ón Uachtaránacht*<br>*Seisiún tuairimíochta*<br><br>Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón Uachtaránacht maidir lena tosaíochtaí i réimse na ngnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais agus bhí seisiún tuairimíochta aici. | ⍰ | |
| 5. | Timpeallacht ghnó atá iomaíoch ar fud an domhain a áirithiú san Eoraip — simpliú, dímhúscailt agus laghdú ar an ualach rialála<br>*Díospóireacht bheartais* | | 5182/25 |
| 6. | Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin<br>*Seisiún tuairimíochta* | | |
| 7. | Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch | (*) | |
| | (a) Pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha: Moltaí ón gComhairle<br>(Bunús dlí: Rialachán (AE) 2024/1263) | | 5030/1/25 REV 1 |
| | (b) Moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach<br>(Bunús dlí: Airteagal 126(7) CFAE)<br>*Glacadh* | | 5031/2/25 REV 2 |
| 8. | Seimeastar Eorpach 2025<br>Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh agus moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 17071/24<br>17077/24<br>+ ADD 1-3<br>17075/24 + ADD 1 |
| 9. | An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip<br>Cinntí Cur chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<br>(Bunús dlí: Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241)<br>*Glacadh* | C (*) | 17052/24 + ADD 1<br>17055/24 + ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1<br>17099/24 + ADD 1 |
| 10. | Aon ghnó eile | | |

(*) Mír arbh fhéidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'A' a leagtar amach in 5171/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR, ÓN bhFRAINC AGUS Ó MHÁLTA**

'Tacaíonn an Ostair, an Fhrainc agus Málta leis an téacs a cuireadh faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh, téacs a thugann an-dul chun cinn d'othair, gairmithe an chúraim sláinte, tionscal agus taighdeoirí. Is é an chéad chéim é chun Spás Eorpach Sonraí Sláinte uaillmhianach a fhorbairt, agus ní mór meastóireacht rialta a dhéanamh ar a chur chun feidhme.

Go háirithe, is díol sásaimh don Ostair, don Fhrainc agus do Mhálta go bhféadfadh na Ballstáit a cheangal go mbeadh sonraí sláinte le haghaidh úsáid phríomhúil lonnaithe laistigh den Aontas Eorpach (Airteagal 86), chomh maith leis an oibleagáid atá ar Chomhlachtaí Rochtana Sonraí Sláinte sonraí a óstáil agus a phróiseáil le haghaidh úsáid thánaisteach laistigh den Aontas a thabhairt isteach in Airteagal 87, chun cosaint níos fearr a áirithiú do shonraí sláinte shaoránaigh na hEorpa.

Cuireann an Ostair, an Fhrainc agus Málta i bhfios go láidir nach féidir leis an bhféidearthacht maolú ón bprionsabal sin, dá bhforáiltear in Airteagal 87(2), a bheith ina cúis leis na Ballstáit gan a bheith in ann cloí leis an bprionsabal a leagtar síos i mír 1.

Baineann na sonraí sláinte a phróiseáiltear faoin Rialachán leis na gnéithe is pearsanta de shaol na ndaoine agus, dá bhrí sin, tá cosaint níos fearr de dhíth orthu, rud atá ina réamhriachtanas chun muinín na saoránach sa Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chothú agus, ar an gcaoi sin, chun cur ar chumas an Rialacháin a chuspóir a bhaint amach maidir le sláinte daoine a fheabhsú trí bhorradh a chur faoi úsáidí tánaisteacha sonraí, go háirithe chun críocha taighde.

Thairis sin, i bhfianaise an lín mhóir sonraí a phróiseálann comhlachtaí rochtana sonraí, bhí sé ríthábhachtach ligean do na Ballstáit na bearta cosanta agus slándála a bhaineann lena stóráil agus lena bpróiseáil a neartú.

Ní chloífeadh aon léirmhíniú eile ar Airteagal 87 le dhá phríomhchuspóir an Rialacháin, eadhon, ardleibhéal cosanta a áirithiú do na sonraí lena mbaineann agus oll-athúsáid sonraí mar sin chun críoch tánaisteach a spreagadh.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG**

'Thacaigh an Danmhairg go láidir le spriocanna an togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, mar gheall ar na hathruithe suntasacha a rinneadh ar an téacs le linn na gcruinnithe tríthaobhacha, nílimid cinnte gur féidir leis an rialachán mar a chuirtear i láthair é inniu spriocanna tosaigh an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte a bhaint amach ná ní bhaintear cothromaíocht réasúnta amach idir cearta an duine aonair agus leasanna coiteanna an phobail. Tá imní orainn freisin maidir le hualach airgeadais an togra agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an gcur chuige um rogha gan a bheith páirteach dár gcórais sláinte.

Beidh cur chun feidhme an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte casta agus beidh infheistíochtaí substaintiúla do na Ballstáit i gceist leis. Is cúis imní dúinn an t-ualach eacnamaíoch a chuireann an Spás Eorpach Sonraí Sláinte ar na Ballstáit agus is léir dúinn nach gá ualaí eacnamaíocha a chur ar na Ballstáit gan tairbhí soiléire follasacha a bheith ann d'othair agus do chórais sláinte. Tá sé fós ina thosaíocht amach anseo nach gcuirfidh gníomhartha tarmligthe gaolmhara ualach eacnamaíoch breise ar na Ballstáit agus an Spás Eorpach Sonraí Sláinte á chur chun feidhme acu.

Is oth leis an Danmhairg nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir le samhail um rogha gan a bheith páirteach agus béim níos láidre á leagan ar chumas na mBallstát seirbhísí cúraim sláinte éifeachtúla agus nuálacha a chur ar fáil d'othair amach anseo agus taighde agus nuálaíocht a chothú laistigh den Aontas. Ina theannta sin, tá imní ann faoin tionchar a bheidh ag an Spás Eorpach Sonraí Sláinte ar an gcumas othair agus oibrithe cúraim sláinte a chosaint.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

Aontaíonn an Ghearmáin leis an Rialachán, agus tagairt á déanamh aici dá ráiteas i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a foilsíodh ar leathanaigh 13-15 de 16641/23 CRS CRP 42 i ndáil le sainordú na Comhairle an 6 Nollaig 2023. Léiríonn an ráiteas sin i gcónaí tuiscint na Gearmáine ar chomhoiriúnacht chóras reatha na Gearmáine chun ríomhshonraí sláinte a stóráil agus a chur ar fáil leis na rialacha a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán. Is amhlaidh atá i bhfianaise na rialach go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an gcumasófar nó nach gcumasófar rochtain éigeandála má dhéanann othar agóid i gcoinne rochtain ar a ríomhthaifead sláinte, agus ós rud é go bhfuil an ceart chun iniomparthachta sonraí idir soláthraithe seirbhíse curtha chun feidhme cheana féin sa Ghearmáin tríd an bhféidearthacht rochtain a fháil ar ríomhshonraí sláinte othair trí ríomhthaifead sláinte an othair (*Patientenakte - ePA*).'

## RÁITEAS ÓN EASTÓIN

‘Tacaímid le cuspóirí ginearálta an Rialacháin maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte. Is céim ríthábhachtach é i dtreo cur chuige níos comhchuibhithe chun rochtain shlán ar shonraí sláinte a éascú ar mhaithe le hothair, taighde agus nuálaíocht agus beartais sláinte poiblí atá bunaithe ar fhianaise.

Is cúis imní dúinn i gcónaí nach bhfuil an oibleagáid atá ar na Ballstáit — is é sin an ceart chun rogha gan a bheith páirteach in úsáid thánaisteach sonraí sláinte a chur ar fáil — i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo agus nach n-áirithítear léi an chothromaíocht cheart idir cearta an duine aonair agus leasanna coiteanna an phobail. Cé gur gá cearta agus saoirsí bunúsacha na saoránach a chosaint tráth ar bith, foráiltear do choimircí tábhachtacha sa Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte is féidir a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil próiseáil sonraí dleathach, slán agus i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ní rannchuideodh tabhairt isteach na rogha gan a bheith páirteach go ginearálta le slándáil sonraí níos fearr ach bheadh baol ann go mbainfí an bonn de cháilíocht agus d’iomláine na dtacar sonraí atá riachtanach le haghaidh taighde eolaíoch ardcháilíochta agus nuálaíochtaí ceannródaíocha. Tá an cur chuige sin ag teacht salach ar thosaíochtaí polaitiúla straitéiseacha an Aontais maidir le nuálaíocht, iomaíochas agus uathriail straitéiseach.

Creidimid go bhfuil ardchaighdeáin cosanta sonraí leagtha síos cheana féin ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, níl údar le dul thar na caighdeáin sin i rialachán arb é is aidhm dó úsáid thánaisteach sonraí sláinte ar mhaithe le leas an phobail a éascú. Measaimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh sé de cheart ag na Ballstáit i gcónaí cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceart chun rogha gan a bheith páirteach a thabhairt isteach maidir le húsáid thánaisteach sonraí sláinte ina gcomhthéacs sonrach dlíthiúil agus cultúrtha. Déanfaimid na forálacha maidir leis an gceart chun rogha gan a bheith páirteach a léirmhíniú sa mhéid is go bhfuil an ceart teoranta do chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte. Lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, bíonn sé de cheart ag na Ballstáit i gcónaí, i gcomhréir le Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (go háirithe Airteagail 5, 6, 9, 23 agus 89), rialáil a dhéanamh ar phróiseáil sonraí sláinte a dhéanann údaráis phoiblí ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne i gcomhlíonadh a gcúraimí, agus chun críocha taighde eolaíoch.

Cuirimid i bhfios go láidir nár cheart forálacha um rogha gan a bheith páirteach sa Rialachán sin a mheas mar fhasach d’aon tionscnamh reachtach de chuid an Aontais amach anseo lena gcuirfear spásanna sonraí Eorpacha ar bun in earnálacha eile, agus riachtanais earnáilsonracha á gcur san áireamh, chomh maith le cineálacha éagsúla cur chuige chun muinín na saoránach a dhaingniú.’

## RÁITEAS ÓN nGRÉIG

‘I bprionsabal, tacaíonn an Ghréig leis an tionscnamh maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, cé go bhféadfaí feabhas a chur ar chuid mhór de na forálacha atá sa Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí.

Tagann an Ghréig leis na barúlacha ó na Ballstáit go háirithe maidir le sásra éigeantach um rogha gan a bheith páirteach i gcás ina mbaintear úsáid thánaisteach as sonraí. Feicimid pointí áirithe atá achrannach agus a mbeadh tuilleadh feabhais ag teastáil uathu (go háirithe Airteagail 7 agus 8).

I bhfianaise an mhéid sin, is fada leis an nGréig go gcuirfear an Rialachán chun feidhme ar bhealach ina mbeadh na Ballstáit uile in ann an tairbhe is mó a bhaint as, lena n-áirítear na Ballstáit sin a bhfuil infheistíocht mhór déanta acu san idir-inoibritheacht agus sa rochtain ar ríomhthaifid sláinte othar. Ar deireadh, tugaimid dár n-aire go bhfuil costas ard cur chun feidhme i gceist do na Ballstáit agus táimid ag súil le cabhair ón Aontas chun cuid de na costais sin a chlúdach.’

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

'Ó thús na caibidlíochta, thacaigh an Fhionlainn le cuspóirí an Rialacháin maidir le rochtain níos fearr ar shonraí sláinte agus comhroinnt na sonraí sin. Tá muinín againn i gcónaí as a dtábhacht.

Tuigeann an Fhionlainn gur toradh é an téacs comhréitigh deiridh ar chaibidlíocht chasta, agus ag deireadh na caibidlíochta sin rinneadh roinnt athruithe ar an téacs chun teacht ar chomhaontú. Cé go dtréaslaíonn an Fhionlainn leis an Uachtaránacht as teacht ar chomhréiteach, is cúis mhór imní dúinn an téacs deiridh.
Is ábhar imní don Fhionlainn nach mbainfear cuspóirí bunaidh an Rialacháin amach leis an téacs comhréitigh deiridh, go háirithe maidir le timpeallacht taighde iomaíoch, agus go bhféadfadh sé tarlú fiú nach n-úsáidfí córas an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte.

Tá an téacs comhréitigh ina iomláine ina chúis le hualach suntasach riaracháin agus costais shuntasacha airgeadais do na Ballstáit, cé go bhfuil na tairbhí fós an-teoranta. Baineann sé seo le húsáid phríomhúil agus thánaisteach araon. Tá an baol ann go gcuirfimid cosc le húsáid próiseas atá ag feidhmiú go maith agus a bhfuil acmhainní acu cheana féin agus go gcuirfimid srianta ar úsáid sonraí amach anseo.

D'iarr an Fhionlainn, i gcomhréir leis an gcur chuige ginearálta, réiteach níos solúbtha a d'fhágfadh go bhféadfaí é a chur chun feidhme. Tá tionchar airgeadais an Rialacháin an-ard mar gheall ar na hoibleagáidí éagsúla fairsinge a fhorchuirtear ar na Ballstáit, lena n-áirítear ar na Ballstáit sin a bhfuil go leor infheistithe acu cheana féin ina gcóras reatha.

Ardaíonn an Fhionlainn go háirithe na deacrachtaí a bhaineann le dhá airteagal lárnacha: an t-airteagal maidir leis an rogha gan a bheith páirteach in úsáid thánaisteach agus an t-airteagal maidir le ceart sealbhóirí aonair sonraí ceadanna sonraí agus iarrataí ar shonraí a phróiseáil.

Tá an t-airteagal maidir leis an rogha gan a bheith páirteach sa téacs comhréitigh deiridh casta gan ghá ó thaobh chur chun feidhme agus léirmhíniú na rogha gan a bheith páirteach. Beidh próiseas trom ilroinnte mar thoradh air sin, mar shampla trí éiginnteacht a chruthú maidir leis na gníomhaithe a fhéadfaidh na srianta a úsáid.

San airteagal maidir le ceart sealbhóirí aonair sonraí ceadanna sonraí agus iarrataí ar shonraí a phróiseáil, forchuirfear ualach riaracháin míréasúnta agus costais airgeadais mhíréasúnta le ról na gcomhlachtaí rochtana sonraí sláinte i bpróiseáil na gceadanna sonraí agus na n-iarrataí ar shonraí ó shealbhóirí aonair sonraí iontaofa. Fágann sé freisin go bhfuil sé níos deacra cloí leis na hamanna próiseála a shonraítear sa Rialachán. I gcás na mBallstát a bhfuil próiseas a fheidhmíonn go maith acu cheana chun sonraí a phróiseáil ó rialaitheoirí aonair, d'fhéadfadh an comhréiteach an dul chun cinn maidir le húsáid thánaisteach a aisiompú.'